# CINNEADH (AE) 2021/857 ÓN gCOIMISIÚN

## an 27 Bealtaine 2021

## lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 a mhéid a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta áirithe a chuimsiú faoi réir na gcritéir incháilitheachta le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gnách comhaltas i líonraí príomhdhéileálaithe Eorpacha ceannasacha nó fornáisiúnta a oscailt d'institiúidí creidmheasa atá údaraithe faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus do ghnólachtaí infheistíochta atá údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) Leagtar síos le hAirteagal 4, pointe (c), de Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún ([4]), mar cheann de na critéir incháilitheachta le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais, comhaltas institiúidí creidmheasa i líonra príomhdhéileálaithe Eorpach ceannasach nó fornáisiúnta. De bharr na taithí, tríd an gcomhaltas i líonraí príomhdhéileálaithe Eorpacha ceannasacha nó fornáisiúnta, atá faighte ag gnólachtaí infheistíochta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí frithgheallta ionstraimí airgeadais a dhéanamh agus/nó ionstraimí airgeadais a láithriú ar bhonn ceangaltas daingean faoi Threoir 2014/65/AE, ba cheart na gnólachtaí infheistíochta sin a bheith incháilithe le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais. Is gníomhaíochtaí iad sin atá ábhartha maidir le cúraimí chomhaltaí líonra príomhdhéileálaithe an Aontais, comhaltaí ar féidir dóibh bheith páirteach i gceantanna ar bhonn ceangaltas daingean agus ar féidir dóibh gníomhú mar phríomhbhainisteoirí le haghaidh idirbhearta sindeacáite lena ngealltar urrúis fiachais a fhrithghealladh.

(3) Ina theannta sin, i gcomhréir leis an gcreat rialála nua is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2033 ([5]), ba cheart gnólachtaí infheistíochta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí frithgheallta ionstraimí airgeadais a dhéanamh agus/nó ionstraimí airgeadais a láithriú ar bhonn ceangaltas daingean faoi Threoir 2014/65/AE, ba cheart na gnólachtaí sin a bheith cáilithe mar institiúidí creidmheasa ón 26 Meitheamh 2021 amach. Mar sin féin, go dtí an dáta sin agus fad is go dtabharfar údarú dóibh mar institiúidí creidmheasa faoin gcreat rialála nua, bheadh na gnólachtaí sin cáilithe ar bhonn idirthréimhseach mar ghnólachtaí infheistíochta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 a leasú dá réir.

(5) Ag cur san áireamh gur gá céadliosta líonra príomhdhéileálaithe an Aontais a bhunú, rud a bhfuil glao ar iarratais seolta ina leith cheana agus a bhfuil an roghnúchán ar siúl ina leith faoi láthair, agus ag cur san áireamh go bhfuil idirthréimhse ann faoin gcreat rialála nua agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil do na hiarratasóirí a bhfuil spéis acu comhaltas a bhaint amach i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige go cúlghabhálach ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625,

---

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

([2]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([3]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([4]) Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 131, 16.4.2021, lch. 170).

([5]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2021/625 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (3a) seo a leanas isteach:

"ciallaíonn 'gnólachtaí infheistíochta' gnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

---

(*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

"ciallaíonn 'comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe' aon institiúid creidmheasa nó aon ghnólachta infheistíochta a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 4 agus a chuimsítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 11";

(2) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"Is éard a bheidh i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais ('líonra na bpríomhdhéileálaithe') grúpa d'institiúidí creidmheasa agus de ghnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (b)(ii), atá incháilithe chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais seo a leanas de chuid an Choimisiúin:";

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"Institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na critéir seo a leanas, beidh siad incháilithe le haghaidh comhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) má tá údarás inniúil de chuid an Aontais ag déanamh maoirseachta orthu agus má tá siad údaraithe chun gnóthaíocht amháin nó eile díobh seo a leanas a dhéanamh:

(i) institiúid creidmheasa i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), nó

(ii) gnólacht infheistíochta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí frithgheallta ionstraimí airgeadais a dhéanamh agus/nó ionstraimí airgeadais a láithriú ar bhonn ceangaltas daingean i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ; agus

---

(*) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338)."

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e)(iii):

"(iii) Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra láithreach don Choimisiún faoi aon imeachtaí arna dtionscnamh ina choinne ag údarás inniúil de chuid Ballstáit maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanann an príomhdhéileálaí mar institiúid creidmheasa nó mar ghnólacht infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (b)(ii). Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra don Choimisiún faoi aon bheart nó aon chinneadh a ghlacfar mar thoradh ar na himeachtaí sin";

(5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Na hinstitiúidí creidmheasa leasmhara agus na gnólachtaí infheistíochta leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (b)(ii), cuirfidh siad iarratas ar chomhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin an fhoirm iarratais agus an seicliosta atá i gceangal maidir leis na critéir iontrála atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a líonadh agus a chur isteach."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Aibreán 2021 ar aghaidh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN